C/2024/5942

2.10.2024

ACHOIMRE AR AN gCINNEADH ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Lúnasa 2024

a bhaineann le nós imeachta faoi Airteagal 71 de Rialachán (AE) 2022/2065

(Cás DSA.100121 – Clár luaíochta TikTok Lite)

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024)5654 final)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

(C/2024/5942)

An 5 Lúnasa 2024, ghlac an Coimisiún cinneadh lena gcuirtear gealltanais ina gceangal de bhun Airteagal 71 de Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE [1]*. I gcomhréir leis an bhforáil in Airteagal 80 den Rialachán sin, tá an Coimisiún ag foilsiú, leis seo, ainmneacha na bpáirtithe agus phríomhábhar an chinnidh, lena n-áirítear aon phionós a fhorchuirtear, ag féachaint do leas dlisteanach an ardáin an-mhór ar líne nó an innill cuardaigh an-mhór ar líne lena mbaineann agus aon tríú páirtí maidir le cosaint a gcuid faisnéise rúnda.*

1. RÉAMHRÁ

(1) I gcomhréir le hAirteagal 71 de Rialachán (AE) 2022/2065, cuireann an Coimisiún ina gceangal na gealltanais a thairg TikTok Technology Limited ('TTTL') sa chás DSA.100121 agus dearbhaíonn sé nach bhfuil aon fhorais eile ann i gcomhair gníomhaíochta.

(2) Baineann an Cinneadh leis an imscrúdú ar sháruithe amhrasta ar Rialachán (AE) 2022/2065 i ndáil le TikTok Lite a chur in úsáid san Aontas. Bhí amhras ar an gCoimisiún gur sháraigh soláthraí TikTok Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2022/2065 toisc nach ndearna rioscaí sistéamacha san Aontas a d'eascair as clár luaíochta TikTok Lite a shainaithint, a anailísiú agus a mheasúnú go dícheallach sular cuireadh an fheidhmiúlacht sin in úsáid san Aontas. Thairis sin, bhí amhras ar an gCoimisiún gur sháraigh soláthraí TikTok Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2022/2065 toiscnár cuireadh i bhfeidhm bearta maolaithe réasúnta, comhréireacha agus éifeachtacha atá saincheaptha do na rioscaí sistéamacha sonracha a eascraíonn as clár luaíochta TikTok Lite san Aontas.

2. NÓS IMEACHTA

(3) Le Cinneadh an 25 Aibreán 2023, d'ainmnigh an Coimisiún TikTok mar ardán an-mhór ar líne de bhun Airteagal 33(4) de Rialachán (AE) 2022/2065 [2].

(4) De bhun Airteagail 33(6) agus 92 de Rialachán (AE) 2022/2065, ceanglaíodh ar sholáthraí TikTok an Rialachán a chomhlíonadh i ndáil le TikTok ón 28 Lúnasa 2023 ar aghaidh.

(5) An 22 Aibreán 2024, thionscain an Coimisiún imeachtaí i gCás DSA.100121 de bhun Airteagal 66 de Rialachán (AE) 2022/2065 i ndáil le Clár luaíochta TikTok Lite a chur in úsáid san Aontas ('An Cinneadh um Thionscnamh Imeachtaí').

(6) Le litir an 22 Iúil 2024, thairg TTTL, gan aon sárú ar Rialachán (AE) 2022/2065 a admháil, dhá ghealltanas de bhun Airteagal 71 den Rialachán sin chun comhlíonadh fhorálacha an Rialacháin sin arna ghairm ag an gCoimisiún sa Chinneadh um Thionscnamh Imeachtaí a áirithiú.

[1] IO L 277, 27.10.2022, lch 1.
[2] Cinneadh C(2023) 2720 final ón gCoimisiún.

3. **SOLÁTHRAÍ TIKTOK**

(7) Measann an Coimisiún gurb é TTTL agus ByteDance Limited ('ByteDance'), an t-eintiteas dlítheanach lena rialaítear i ndeireadh thiar an grúpa cuideachtaí lena mbaineann TTTL, araon soláthraí TikTok san Aontas.

4. **TUAIRISC AR CHLÁR LUAÍOCHTA TIKTOK LITE**

(8) I mí Aibreáin 2024, sheol soláthraí TikTok 'Clár Luaíochta TikTok Lite' ([3]), faoina bhféadfadh úsáideoirí pointí fíorúla ('Pointí') a charnadh trí pháirt a ghlacadh i gcúig thasc éagsúla ('Tascanna'): féachaint ar inneachar ('Tasc Féachana'), 'is maith liom é' a lua le hinneachar ('Tasc "Is maith liom é"'), cruthaitheoirí a leanúint ('Tasc Leanúna'), aip TikTok Lite a mholadh do chairde ('Tasc Cur ar Aghaidh') agus seiceáil isteach ar an aip go laethúil ('Tasc Seiceáil Isteach'). Bhí úsáideoirí in ann Pointí a fhuascailt le haghaidh dhá chineál luaíochta (dá ngairtear 'luaíochtaí' anseo feasta) sa lárionad luaíochta:

(i) Cártaí bronntanais ó chomhpháirtithe tríú páirtí (amhail Amazon agus PayPal); agus

(ii) Boinn fhíorúla (dá ngairtear 'boinn' anseo feasta) is féidir a úsáid chun bronntanais a sheoladh chuig cruthaitheoirí ar TikTok.

5. **ÁBHAIR AMHRAIS AN CHOIMISIÚIN**

(9) Ar an gcéad dul síos, bhí amhras ar an gCoimisiún gur sháraigh soláthraí TikTok Airteagal 34(1) de Rialachán (AE) 2022/2065 toisc nach ndearna measúnú riosca *ad hoc* sular cuireadh an Clár luaíochta TikTok Lite in úsáid san Aontas.

(10) Níor mheas soláthraí TikTok go raibh ceangal dlíthiúil air measúnú riosca *ad hoc* den sórt sin sula cuireadh an Clár luaíochta TikTok Lite in úsáid san Aontas, toisc go raibh sé de chonclúid aige, tar éis réamhanailís a dhéanamh, nach dócha go mbeadh tionchar criticiúil ag an gclár sin ar riosca sistéamach.

(11) Ba é réamhthuairim an Choimisiúin, áfach, gur dócha go mbeadh tionchar criticiúil ag Clár luaíochta TikTok Lite ar na rioscaí a bhaineann le húsáid fhadhbach na meán sóisialta agus andúil iompraíochta a theacht chun cinn, agus go raibh ceangal dlíthiúil dá bhrí sin ar sholáthraí TikTok measúnú riosca *ad hoc* a dhéanamh sula gcuirfí Clár luaíochta TikTok Lite in úsáid san Aontas. Go deimhin bhí amhras ar an gCoimisiún gur dócha go mbeadh tionchar criticiúil ag úsáid na bpatrún dearaidh iomadúla atá ar fáil ar TikTok Lite chun úsáideoirí a choinneáil ar an tseirbhís ar an riosca go bhféadfadh úsáid fhadhbach na meán sóisialta agus andúil iompraíochta teacht chun cinn i measc fhaighteoirí na seirbhíse sin.

(12) Ar an dara dul síos, bhí amhras ar an gCoimisiún gur sháraigh soláthraí TikTok Airteagal 35(1) de Rialachán (AE) 2022/2065 toiscnár cuireadh i bhfeidhm bearta maolaithe réasúnta, comhréireacha agus éifeachtacha atá saincheaptha do na rioscaí sistéamacha sonracha arna sainaithint de bhun Airteagal 34.

(13) Ba é seasamh sholáthraí TikTok go ndearna sé maolú rioscaí i ndáil le Clár luaíochta TikTok Lite a áirithiú go hiomchuí.

(14) Bhí amhras ar an gCoimisiún, áfach, nach raibh an chosúlacht ar an scéal go raibh aon cheann de na bearta arna sainaithint ag soláthraí TikTok mar cinn lena ndéantar na rioscaí a bhaineann le Clár luaíochta TikTok Lite a chur in úsáid a bheith ina mbearta maolaithe réasúnta, comhréireacha agus éifeachtacha de réir bhrí Rialachán (AE) 2022/2065 chun na rioscaí sistéamacha sonracha a eascraíonn as clár luaíochta TikTok Lite san Aontas a mhaolú nó, ar a laghad ar bith, nach raibh an chosúlacht ar an scéal go raibh siad saincheaptha do na rioscaí sistéamacha sonracha is ceart a bheith sainaitheanta de bhun Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2022/2065.

([3]) Ní raibh an Clár Luaíochta TikTok Lite ar fáil ach ar TikTok Lite, ar bogearra aipe nua é a seoladh sa Spáinn agus sa Fhrainc i mí Aibreáin 2024. Is cuid den tseirbhís TikTok atá ainmnithe mar ardán an-mhór ar líne sa Chinneadh um Ainmniú é TikTok Lite.

6. **NA GEALLTANAIS ATÁ BEARTAITHE**

(15) An 22 Iúil 2024, rinne TTTL, mar phríomhbhunaíocht sholáthraí TikTok san Aontas, na gealltanais seo a leanas (dá ngairtear 'na Gealltanais' anseo feasta) chun comhlíonadh Airteagail 34 agus 35 de Rialachán (AE) 2022/2065 a áirithiú:

1. **Gealltanas um Tharraingt Siar**: Geallann TTTL clár luaíochta TikTok Lite atá ar fionraí faoi láthair a tharraingt siar ón Aontas Eorpach, clár a seoladh sa Fhrainc agus sa Spáinn i mí Aibreáin 2024 agus as ar eascair oscailt imeachtaí i gCás DSA.100121 (mír 10 den Chinneadh ón gCoimisiún an 22 Aibreán 2024).

2. **Gealltanas Frith-imchéimniúcháin**: Lena áirithiú go mbeidh an Gealltanas um Tharraingt Siar éifeachtach agus nach féidir imchéimniú a dhéanamh air, geallann TTTL gan clár a (ath)sheoladh san Aontas Eorpach arb é is cuspóir nó is éifeacht dó, go díreach nó go hindíreach, imchéimniú a dhéanamh ar an nGealltanas um Tharraingt Siar d'fhonn comhlíonadh an ghealltanais sin a sheachaint.

7. **CONCLÚID**

(16) Tá na Gealltanais arna dtíolacadh leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar na réamhábhair imní a shainaithin an Coimisiún.

(17) Leis an nGealltanas um Tharraingt Siar áirithítear go gcomhlíonfaidh soláthraí TikTok Airteagail 34 agus 35 de Rialachán (AE) 2022/2065, ós rud é go gcuirtear deireadh go héifeachtach le gnéithe luaíochta agus dreasachta an chláir sin le tarraingt siar Chlár luaíochta TikTok Lite, lena n-áirítear úsáid chomhcheangailte na dTascanna agus na bpatrún iolrach tarraingthe airde atá dochrach, lena dtugtar luaíocht dhíreach le haghaidh gnáthúsáid, agus rannpháirtíocht ar feadh tréimhse bhreisithe, TikTok Lite. Cruthaítear leis na gnéithe luaíochta agus dreasachta sin, leis an gcaoi a dearadh iad, riosca go mbeidh úsáid fhadhbach na meán sóisialta agus andúil iompraíochta ann, rud a mbeidh éifeachtaí diúltacha iarbhír nó intuartha aige ar fholláine fhisiciúil agus mheabhrach an duine, éifeachtaí diúltacha iarbhír nó intuartha aige a bhaineann le cosaint mionaoiseach, agus iarmhairtí diúltacha iarbhír nó intuartha aige ar shaothrú chearta an linbh. Agus imní ar an gCoimisiún go rannchuidíonn clár luaíochta TikTok Lite, leis an gcaoi a dearadh é, leis an riosca sin go bhféadfadh úsáid fhadhbach na meán sóisialta agus andúil iompraíochta teacht chun cinn, measann sé nach féidir aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an riosca sin trí bhearta maolaithe breise a chur i bhfeidhm.

(18) Leis an nGealltanas Frith-Imchéimniúcháin áirithítear éifeachtacht an Ghealltanais um Tharraingt Siar, lena dtugtar aghaidh go leordhóthanach, mar atá luaite thuas, ar ábhair amhrais an Choimisiúin sa chás seo, toisc go gcuireann sé cosc ar sholáthraí TikTok clár a (ath)sheoladh san Aontas Eorpach arb é is cuspóir nó is éifeacht dó, go díreach nó go hindíreach, imchéimniú a dhéanamh ar an nGealltanas um Tharraingt Siar.

(19) Measann an Coimisiún freisin go n-áirithítear, le cineál na ngealltanas agus leis an amhras faoi neamhchomhlíonadh sholáthraí TikTok lena oibleagáidí a bhféachann siad le haghaidh a thabhairt orthu, go bhfuil sé éasca faireachán a dhéanamh ar na gealltanais sin. De bhun Airteagail 34(1) agus 42(4) de Rialachán (AE) 2022/2065, ceanglaítear ar sholáthraí TikTok measúnú riosca *ad hoc* a dhéanamh sula gcuirfear in úsáid feidhmiúlachtaí ar dócha go mbeidh tionchar criticiúil acu ar na rioscaí arna sainaithint de bhun Airteagal 34 den Rialachán sin agus tá sé d'oibleagáid air tuarascáil ina leagtar amach torthaí an mheasúnaithe riosca *ad hoc* sin a tharchur chuig an gCoimisiún agus chuig Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta gan mhoill tar éis a chríochnaithe. Mar a mhínítear in Aithris (11), measann an Coimisiún gur dócha go mbeidh tionchar criticiúil ar an rioscaí sistéamacha arna sainaithint de bhun Airteagal 34(1) de Rialachán (AE) 2022/2065 ag feidhmiúlacht lena dtugtar luaíocht go díreach le haghaidh gnáthúsáid TikTok nó rannpháirtíocht ar feadh tréimhse bhreisithe leis. Dá bhrí sin, ní mór an Coimisiún a chur ar an eolas sula ndéanfar aon fheidhmiúlacht den sórt sin a chur in úsáid san Aontas agus dá bhrí sin bheadh sé in ann faireachán éifeachtach a dhéanamh ar chomhlíonadh na nGealltanas.

(20) Measann an Coimisiún go gcomhlíonann na Gealltanais arna dtairgeadh prionsabal na comhréireachta, toisc nár mhol soláthraí TikTok aon ghealltanas a mbaineann ualach níos lú leis agus a thabharfadh aghaidh ar ábhair amhrais an Choimisiúin ar dhóigh chomh leordhóthanach céanna.

(21) Tá sé de chonclúid ag an gCoimisiún go bhfuil an Gealltanas um Tharraingt Siar agus an Gealltanas Frith-imchéimniúcháin riachtanach agus comhréireach chun aghaidh a thabhairt ar ábhair amhrais an Choimisiúin ar bhealach leordhóthanach.

(22) I bhfianaise na ngealltanas arna dtairgeadh, measann an Coimisiún gur cheart na himeachtaí i gcás DSA.100121 a thabhairt chun deiridh.

(23) Leis an gCinneadh cuirtear ina gceangal na Gealltanais a thairg TTTL, mar phríomhbhunaíocht sholáthraí TikTok san Aontas, ar feadh tréimhse éiginnte.